RÚN (AE) 2022/1753 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0115/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais ([1]), gur EUR 103 023 255,80 a bhí i mbuiséad críochnaitheach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") don bhliain airgeadais 2020, a léiríonn méadú de 27,60 % i gcomparáid le 2019, go príomha de bharr méadú ar chaiteachas oibríochtúil a bhain leis an Údarás; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais a eascraíonn buiséad an Údaráis go príomha;

B. de bhrí go ndeir an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2020 (an "tuarascáil ón gCúirt") gur soláthraíodh dearbhuithe réasúnacha di go bhfuil cuntais an Údaráis beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme 100 %, a léiríonn méadú an-bheag de 0,01 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire, thairis sin gur ráta forghníomhaithe 88,41 % a bhí ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn laghdú de 3,04 % i gcomparáid le 2019;

Feidhmíocht

2. á chur in iúl gur díol sásaimh di rannchuidiú an Údaráis le sábháilteacht shlabhra bia agus beatha an Aontais, agus a iarrachtaí suntasacha i dtaobh comhairle chuimsitheach, neamhspleách agus chothrom le dáta maidir le ceisteanna atá nasctha leis an slabhra bia a sholáthar do bhainisteoirí riosca, faisnéis a chur in iúl go soiléir don phobal maidir lena aschur agus an eolas ar a bhfuil siad bunaithe, agus i dtaobh comhoibriú le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe institiúideacha chun comhleanúnachas agus iontaoibh sa chóras sábháilteachta bia a chur chun cinn;

3. á thabhairt chun suntais, in 2020, gur chuir an tÚdarás 697 gceist i gcrích trí bhíthin aschur eolaíoch, tuarascálacha teicniúla agus foilseacháin tacaíochta; á chur in iúl gur díol sásaimh di tacaíocht thráthúil an Údaráis do lucht déanta beartas i dtaobh aschur eolaíoch a sholáthar dóibh i gcomhréir le sainorduithe arna dtabhairt ag an bParlaimint, go príomha i réimsí na sláinte agus an leasa ainmhithe, sláinte na mbeach, leas na gcoiníní, iompar ainmhithe agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, lena n-áirítear tuarascálacha seachtracha eolaíocha agus teagmhais;

4. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go mbeadh cur chuige eolaíochtbhunaithe ann atá freagrach, eiticiúil agus cothrom le dáta chun leas ainmhithe a fheabhsú; á chur in iúl gur díol sásaimh di, ina leith sin, an obair atá á déanamh ag an Údarás maidir le hullmhú na Straitéise "ón bhfeirm go dtí an forc".

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 69.

5. á mheabhrú gur ghlac an Pharlaimint dhá agóid in 2020 i gcoinne síneadh ar thréimhsí formheasa de chomhábhair ghníomhacha a úsáidtear i lotnaidicídí agus a chomhlíonann na critéir scoite agus nár cheart, dá bhrí sin, a bheith údaraithe lena n-úsáid san Aontas ([2]); ag tathant ar an Údarás dlús a chur lena mheasúnú ar na dréacht-tuarascálacha athbhreithnithe ar fad a bhaineann le comhábhair ghníomhacha agus gach is féidir leis a dhéanamh chun dlús a chur leis an bpróiseas athmheasúnaithe ag na Ballstáit Tuairiscithe chun aon síneadh nua ar lotnaidicídí guaiseacha a sheachaint; agus á chur i bhfáth gur cúis imní ar leith í an riaráiste maidir le hathmheasúnú a dhéanamh ar bhithicídí chomh maith agus go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun é sin a réiteach;

6. ag tabhairt dá haire agus é ina ábhar sásaimh di go bhfuil an tÚdarás ag dul i dtreo teicneolaíochtaí ceannródaíocha, ag cuimsiú modheolaíochtaí malartacha nua agus intleacht shaorga chun modhanna tástála ainmhithe a fhorlíonadh; ag aithint go ndearna an tÚdarás, mar aon leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus cúig ghníomhaireacht eile, tástálacha struis ar a gcórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) roimh socruithe iomlána teilea-oibre a sheoladh lenar tugadh tuilleadh dearbhaithe maidir le feidhmiú na gcóras TFC roimh aistriú go teilea-obair chuimsitheach; á mholadh don Údarás cur lena iarrachtaí chun leas ainmhithe a chosaint tuilleadh agus úsáid modhanna tástála gan ainmhithe a chur chun cinn, agus chomh maith leis sin i gcomhar leis na hinstitiúidí eile;

7. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur críochnaíodh tuarascáil achomair an Aontais maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha i mbaictéir zónóiseacha agus tháscacha ó dhaoine, ó ainmhithe agus ó bhia, ar ina leith a chomhoibrigh an tÚdarás leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, go bhfuil fadhb ann maidir le frithsheasmhacht mhéadaitheach na mbaictéar sin i leith antaibheathaigh a úsáidtear go coitianta;

8. ag tabhairt dá haire go mbaineann an tÚdarás leas as eochairtháscairí feidhmíochta ina chur chuige uileghabhálach bainistíochta bunaithe ar fheidhmíocht chun tomhas a dhéanamh ar an mbreisluach arna sholáthar ag a ghníomhaíochtaí, go háirithe maidir le faisnéis eolaíoch a chomhroinnt; ag tabhairt dá haire thairis sin go mbaineann an tÚdarás leas as eochairtháscairí feidhmíochta eile chun feabhas a chur ar bhainistiú a bhuiséid; ag tabhairt dá haire gur scriosadh sé tháscaire agus gur cuireadh dhá tháscaire leis in 2020;

9. ag tabhairt dá haire go bhfuil an tÚdarás tiomanta dá chroíghnó a sholáthar agus gur thionscain sé in 2020 na hullmhúcháin chun Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa, agus ón gComhairle ([3]) a chur chun feidhme, agus é ag díriú ar phróisis nua a fhorbairt, an struchtúr foirne a athbhreithniú, agus a chumais teicneolaíochta agus bainistithe faisnéise a ghiaráil; ag tabhairt dá haire freisin go raibh ar chumas an Údaráis in 2020 tionchar na paindéime ar a fheidhmíocht a theorannú, agus nach raibh ach titim an-bheag ar an táirgiúlacht, mar thoradh ar ullmhacht theicneolaíoch an Údaráis aistriú ó thimpeallacht oibre fhisiciúil go timpeallacht dhigiteach luath go leor; ag tabhairt dá haire thairis sin go raibh a Straitéis 2027 fós á forbairt ag an Údarás in 2020; á iarraidh ar an Údarás aon fhorbairtí i ndáil leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

([2]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2020 maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1511 an 16 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 540/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le síneadh a chur le tréimhsí formheasta na substaintí gníomhacha aimídeasulfúrón, défheanocs, clóratolúrón, clóifeintisín, clómasón, cipirmeitrin, daimínisíd, deiltemheitrin, díceamba, défeanaconasól, défhluifeineacan, feanocsapróp-P, feanpróipidín, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, foistiasáit, iondocsacarb, leanacail, MCPA, MCPB, niceasulfúrón, olaí pairifín, pioclóram, prósulfacarb, sulfar, tríthlusulfúrón, tríteasulfúrón (IO C 425, 20.10.2021, lch. 87) agus Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meitheamh 2021 maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/745 an 6 Bealtaine 2021 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha sulfáit amóiniam alúmanaim, sileacáit alúmanaim, beaflubútaimíd, beintiavalacarb, défheineasáit, boscailid, carbónáit chailciam, captán, dé-ocsaíd charbóin, ciamocsainil, démheatomorf, eiteafón, úsc as crann tae, famocsadón, iarmhair ó dhriogadh saille, aigéid shailleacha C7 go C20, flumocsaisín, fluocsastróibin, fluraclóradón, foilpéad, foirmeiteanáit, aigéad gibriline, gibriliní, heipteamalocsalaglúcan, próitéiní hidrealaithe, sulfáit iarainn, meatasaclór, meitríbhúisín, milbimeictin, tréithchineál 251 Paecilomyces lilacinus, feinmeideafam, foismeit, pirimeafos-meitil, olaí planda/ola ráibe, hidrigincharbónáit photaisiam, própamacarb, próitiaconasól, gaineamh grianchloiche, ola éisc, éarthaigh bholaidh de thionscnamh ainmhí nó planda/saill caoireola, S-meitileaclór, fearamóin léipidipteire Slabhra Dhírigh, teabúconasól agus úiré (IO C 67, 8.2.2022, lch. 75).

([3]) Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 1829/2003, (CE) Uimh. 1831/2003, (CE) Uimh. 2065/2003, (CE) Uimh. 1935/2004, (CE) Uimh. 1331/2008, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

10. á chur in iúl gur díol sásaimh di na hiarrachtaí a rinne an tÚdarás chun a chomhoibriú le gníomhaireachtaí eile AE a neartú, ag díriú go háirithe ar eolas agus an dea-chleachtas a chomhroinnt agus ag breathnú isteach i sineirgí féideartha trí líonraí a bhunú i réimsí amhail pleanáil soláthair, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, intleacht shaorga, cumarsáid amach agus bainistiú acmhainní daonna; ag tabhairt dá haire go bhfuil an tÚdarás tar éis gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh in éineacht leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil;

11. ag tabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha leantacha le hurscaoileadh 2019, go n-aontaíonn an tÚdarás go láidir leis an gcuspóir gníomhaireachtaí an Aontais a dhigiteáil; ag tabhairt dá haire, i gcomhréir lena straitéis 2027, go bhfuil an tÚdarás dírithe ar leanúint dá infheistiú i ndigitiú a phróiseas agus an bonneagar TF reatha a nuachóiriú, chun an comhoibriú agus malartú faisnéise laistigh den Údarás agus lasmuigh de a uasmhéadú, agus rochtain níos leithne, níos éifeachtúla agus níos tapa ar intleacht eolaíoch a áirithiú sa tslí sin; ag tabhairt dá haire thairis sin go rannchuidíonn an tÚdarás le straitéis dhigiteach an Choimisiúin, trína bheith rannpháirteach i dtionscnamh Chomhar na nGníomhaireachtaí um Beartas Sláinte agus an Choimisiúin Eorpaigh (HPAC) faoi cheannas na hArd-Stiúrthóireachta um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, ag saothrú na héifeachtúlachta trí bhíthin sineirgí agus comhar chun réitigh dhigiteacha choiteanna a sholáthar;

Beartas foirne

12. ag tabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2020, go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 97,46 %, go raibh ceapacháin déanta i gcás cúigear oifigeach agus 340 gníomhaire sealadach as 354 phost arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 320 post údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire freisin, gur oibrigh 122 ghníomhaire ar conradh agus 14 shaineolaí náisiúnta ar iasacht don Ghníomhaireacht in 2020;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún an rogha a thabhairt don Údarás, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, gníomhairí ar conradh a fhostú sa bhreis ar na pleananna bunaíochta, ar feadh tréimhse theoranta ama agus gan dul thar imchlúdach buiséid bliantúil comhaontaithe an Údaráis; á mheas go gcuirfeadh an tsolúbthacht sin dlús leis an riaráiste oibre carntha a laghdú agus le cur i gcrích déanach sainchomhad atá fós ar siúl de bharr easpa acmhainní daonna; á áitiú gur léir go gcaithfidh na gníomhairí ar conradh sin rialacha neamhspleáchais an Údaráis a chomhlíonadh;

14. á mheas gurb é ról an Údaráis saineolaithe ardleibhéil a lorg go gníomhach agus a chur ina luí orthu páirt a ghlacadh ina chuid oibre, trí ábharthacht agus iontaofacht a dtaighde piarmheasúnaithe a aithint agus a anailís eolaíoch féin á déanamh aige i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]);

15. ag cur sonrú sa chothromaíocht inscne i leith bhaill ardbhainistíochta an Údaráis, ar mná iad triúr as cúigear díobh (60 %); ag cur sonrú, agus é ina ábhar imní di, san éagothromaíocht inscne laistigh de bhord bainistíochta an Údaráis, ar fir iad dháréag as cúigear déag den bhord (80 %); ag cur sonrú sa chothromaíocht inscne laistigh d'fhoireann an Údaráis ar an iomlán, ar mná iad 285 as 467 de na baill foirne (61,03 %); á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú a chur san áireamh agus a gcuid comhaltaí á n-ainmniú do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta;

16. ag tabhairt dá haire gur lean an tÚdarás dá ghníomhaíochtaí agus go raibh ar a chumas a chlár oibre a sholáthar in ainneoin phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire, áfach, go ndearnadh athruithe ar bhuiséad an Údaráis, go ndearnadh laghdú EUR 5 000 000 i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí de bharr thionchar phaindéim COVID-19 ar mhisin, oiliúint, soláthairtí fuinnimh, cothabháil agus cruinnithe fisiciúla a cuireadh ar ceal; ag tabhairt dá haire gur fhulaing an tÚdarás laghdú ioncaim dá réir sin i ngeall ar an staid eipidéimeolaíoch;

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

17. ag tabhairt dá haire gur geal leis an Údarás an moladh ón údarás um urscaoileadh agus go dtuigeann sé go maith go dteastaíonn cothromaíocht gheografach níos fearr laistigh dá eagraíocht, go háirithe saoránaigh ó Bhallstáit a d'aontaigh don Aontas in 2004 a bheith san áireamh; ag tabhairt dá haire go bhfuil sraith tionscnamh spriocdhírithe á cur chun cinn ag an Údarás faoi láthair chun cur lena tharraingteacht agus chun feabhas a chur ar a chothromaíocht náisiúntachta; ag tabhairt dá haire go bhfuil an tÚdarás ag díriú go háirithe ar a infheictheacht a mhéadú le tacaíocht ón Roinn Cumarsáide agus Comhair, Líonra Gníomhaireachtaí AE, agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí comhpháirtíochta eile; ag tabhairt dá haire go bhfuil an tÚdarás ag obair freisin ar scaipeadh spriocdhírithe maidir lena chuid folúntas ar thíortha atá faoi ghannionadaíocht chun an linn iarratasóirí a mhéadú trí leas a bhaint as LinkedIn, boird post agus tacaíocht ónár bhFócasphointí náisiúnta; á iarraidh ar an Údarás an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir leis na forbairtí i ndáil leis sin;

Soláthar

18. ag tabhairt dá haire go raibh baint ag an Údarás le Líonra na nOifigeach Soláthair (NAPO), rud a chuir go mór le cur chun feidhme a chláir oibre do 2020, seacht nglao soláthair idirghníomhaireachta a sheoladh agus a shíniú in 2020, rud a d'fhág go raibh coigilt mheasta de EUR 2,1 milliún ar bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire gurb é an tÚdarás a bhí i gceannas ar sheacht as naoi nós imeachta idirghníomhaireachta a thug coigilteas measta EUR 2,4 milliún ar an iomlán; á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach idir an tÚdarás agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE amhail an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil chun deiseanna comhsholáthair maidir le topaicí eolaíocha coiteanna a shainaithint; á iarraidh ar an Údarás aon fhorbairtí i ndáil leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

19. ag aithint go bhfuil bearta reatha ag an Údarás agus iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh aige chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa, agus cosaint sceithirí a áirithiú; á chur in iúl gurb oth léi nach bhfoilsíonn an tÚdarás CVanna a chuid ball foirne ar líne; ag moladh don Údarás bearta a ghlacadh i ndáil leis sin;

20. ag moladh go mbeadh trédhearcacht níos fearr ann i leith geallsealbhóirí, go háirithe ó phobal na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha; ag tacú le cuspóir straitéiseach an Údaráis comhpháirtíochtaí a chothú tuilleadh le gníomhaireachtaí eile, mar aon le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tríú tíortha, i dtreo éiceachóras an Aontais Aon Sláinte Amháin, agus ag an am céanna leanúint dá rannpháirtíocht lena gheallsealbhóirí agus leis an bpobal trí ardáin agus fóraim iomchuí, agus ba cheart tuilleadh barainneachtaí scála a bheith mar thoradh air sin;

21. ag aithint go ndearna an tÚdarás iarrachtaí chun ábhair imní a mhaolú i dtaobh coinbhleachtaí leasa a chuid fostaithe; ag tabhairt dá haire go bhféadfar caighdeáin coinbhleachta leasa a neartú tuilleadh;

22. ag tabhairt dá haire gur shainaithin an tÚdarás, in 2020, 31 choinbhleacht leasa ar leibhéal na ndearbhuithe bliantúla leasa a bhain le saineolaithe seachtracha, agus gur bhainistigh sé na coinbhleachtaí leasa sin; ag tabhairt dá haire gur chinn an tÚdarás saineolaí amháin a eisiamh ó bhallraíocht ghrúpa eolaíoch an Údaráis; á iarraidh ar an Údarás leanúint dá iarrachtaí maidir le coinbhleachtaí leasa agus coinbhleachtaí leasa féideartha a shainaithint agus a bhainistiú agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas;

23. ag tabhairt dá haire, i ndáil leis na barúlacha leantacha ar urscaoileadh 2019 maidir le cás an Omsbudman Eorpaigh, go bhfuil an tÚdarás ag smaoineamh ar nósanna imeachta inmheánacha a fhorbairt chun rochtain ar fhaisnéis faoi rún a chosc i gcás ina gcuirtear in iúl dó go bhfuil ball foirne chun aistriú chuig post eile lasmuigh den Údarás tar éis chríoch a sheirbhíse; á iarraidh ar an Údarás na forbairtí i ndáil leis sin a thuairisciú;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

24. ag tabhairt dá haire gur lean an tÚdarás dá ghníomhaíochtaí agus go raibh ar a chumas a chlár oibre a sholáthar in ainneoin phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire, áfach, go ndearnadh athruithe ar bhuiséad an Údaráis, le laghdú EUR 5 000 000 i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí de bharr thionchar phaindéim COVID-19 ar mhisin, oiliúint, soláthairtí fuinnimh, cothabháil agus cruinnithe fisiciúla a cuireadh ar ceal; ag tabhairt dá haire, dá réir sin, gur fhulaing an tÚdarás laghdú ioncaim i ngeall ar an staid eipidéimeolaíoch;

25. ag aithint gur thug an tÚdarás ráiteas go raibh a struchtúr rialachais agus cláir oibre lánoibríochtúil i gcónaí in ainneoin na srianta agus na dianghlasála a bhí mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus gur lean an tÚdarás dá ghníomhaíochtaí agus go raibh ar a chumas a chlár oibre a fhorghníomhú; ag aithint go ndearnadh athruithe ar bhuiséad an Údaráis, le laghdú ar ghealltanais agus ar íocaíochtaí agus laghdú comhfhreagrach ar ioncaim, ag éirí as mionanailís mheasúnaithe ar thionchar SARS-COV-2 arna seoladh ag an Údarás i gcomhar leis an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia;

Rialú inmheánach

26. ag tabhairt dá haire go ndearna an tÚdarás measúnú ar a chórais rialaithe inmheánacha don bhliain tuairiscithe agus gur thángthas ar an gconclúid go raibh comhpháirteanna agus prionsabail uile an rialaithe inmheánaigh i láthair tríd is tríd agus iad ag feidhmiú de réir mar a beartaíodh; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur shainaithin an tÚdarás roinnt beart, mar sin féin, a ghlacfar chun bainistiú faisnéise íogaire, ailtireacht phróisis an Údaráis, an mhodheolaíocht maidir le bainistiú próisis, agus bainistiú riosca agus rialú inmheánach a neartú tuilleadh;

27. ag tabhairt dá haire go ndearna an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach iniúchadh ar mheasúnú agus glacadh aschur eolaíoch i réimse na gcomhábhar bia agus an phacáistithe agus gur eisigh sí a tuarascáil chríochnaitheach don Údarás i mí Dheireadh Fómhair 2020; ag tabhairt dá haire gur tháinig an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach ar an gconclúid, cé go bhfuil an próiseas chun aschuir eolaíocha a mheasúnú agus a ghlacadh faoi réimse na gcomhábhar bia agus an phacáistithe deartha go leormhaith, éifeachtach agus éifeachtúil ar an iomlán, gur eisíodh barúil iniúchóireachta an-tábhachtach amháin maidir leis an laige i gcur chun feidhme éifeachtach agus tráthúil na hathmheastóireachta ar bhreiseáin bia agus einsímí;

28. ag tabhairt dá haire gur chuir an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach tús le hiniúchadh inmheánach i mí Dheireadh Fómhair 2020 maidir le nósanna imeachta um sholáthar agus um dhámhachtain deontas an Údaráis; ag tabhairt dá haire, maidir leis an iniúchóireacht a chumhdaíonn na nósanna imeachta um sholáthar agus um dhámhachtain deontas a cuireadh i gcrích sna blianta 2019 agus 2020, gur foilsíodh í sa chéad leath de 2021;

Barúlacha eile

29. ag tabhairt dá haire go ndearna an tÚdarás iarrachtaí chun ionad oibre costéifeachtúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú; ag tabhairt dá haire gur ghlac an tÚdarás réitigh struchtúrtha agus gléasra lena ndírítear ar fhuinneamh, tomhaltas uisce agus astaíochtaí CO_2 a laghdú;

30. ag tabhairt dá haire go ndearna an tÚdarás iarrachtaí chun leas a bhaint as ardáin meán sóisialta mar uirlis phríomhúil chun a ábhar cumarsáide a scaipeadh ionas go sroichfeadh sé geallsealbhóirí agus saoránaigh; ag tabhairt dá haire gur bhain gníomhaíochtaí meán sóisialta an Údaráis toradh láidir amach, arb ionann méadú bliain ar bhliain ar líon a leantóirí ar a chuntais meán sóisialta agus beagnach 30 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gur lean an tÚdarás dá threochlár eolaíochta sóisialta a chur chun feidhme in 2020, lena dtugtar tuiscint níos fearr don Údarás ar bhraistintí riosca na saoránach agus ar a riachtanais faisnéise, agus, dá réir sin, lamháiltear do chumarsáid riosca atá níos spriocdhírithe agus a mbíonn tionchar níos mó ag baint léi; ag tabhairt dá haire thairis sin gur lean an tÚdarás d'infheistíocht a dhéanamh ina shuíomh gréasáin agus ina fhoilseacháin dhigiteacha, agus baineadh amach feabhsuithe sonracha in 2020 lena n-áiríodh óstáil shuíomh gréasáin an Údaráis a aistriú chuig néal Amazon Web Services, agus uasghrádú chuig córas bainistithe inneachair Drupal 8; á iarraidh ar an Údarás na forbairtí maidir lena straitéis chumarsáide agus maidir lena aistriú digiteach a thuairisciú;

31. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([5]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([5]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.